An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Preas Ráiteas
Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 2 2014

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 26 Lúnasa 2014

Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 2 2014	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,901,600	+ 31,600
Dífhostaithe	254,500	- 46,200
Sa Lucht Saothair	2,156,100	- 14,500
Níl sa Lucht Saothair	1,437,700	+ 22,100

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 1.7% nó 31,600 sa bhliain chuig an dara ráithe de 2014, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,901,600.

- Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 4,300 (+0.2%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó mhéadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 1,200 (+0.1%) i bhfostaíocht i R1 2014.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 12.0% go 11.5% i gcaitheamh na ráithe.

- Laghdaigh dífhostaíocht faoi 46,200 (-15.4%) sa bhliain go R2 2014, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 254,500.

- Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 8.1% go 6.8% i gcaitheamh na bliana go R2 2014. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 57.6% den dífhostaíocht iomlán i R2 2014 i gcomparáid le 58.2% bliain roimhe sin agus 61.8% sa dara ráithe den bhliain 2012.

Lucht Saothair

- Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa dara ráithe den bhliain 2014 cothrom le 2,156,100, arb ionann sin agus laghdú de chuid 14,500 (-0.7%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R2 2014 agus 1,437,700, méadú de chuid 22,100 (+1.6%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000

LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cso.ie
www.cso.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491
Facs 021 453 5492
R-phost labour@cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh *26ú Lúnasa 2014*

– CRÍOCH –